Stiúrthóir Náisiúnta Seirbhísí,
Rialáil Seirbhísí Leanaí,
Urlár 2,
Teach an Inbhir,
Sráid Anraí,
Luimneach.

4 Feabhra 2021

Maidir le: Seolann An Chigireacht Luathbhlianta de chuid Tusla tuarascálacha taighde i dtaca leis an bpróiseas Cigireachta Luathbhlianta

A Sholáthróir Seirbhíse, a chara,

Tá súil againn go bhfuil ag éirí go maith leat.

Táimid ag scríobh chun tú a chur ar an eolas maidir le trí thuarascáil a d'fhoilsíomar inniu, agus atá le fáil anois ar ár suíomh gréasáin www.tusla.ie

Is iad na trí thuarascáil atá i gceist ná:

- **Cigireacht Luathbhlianta Tusla – Comhairliúchán le Tuismitheoirí**
- **Tuarascálacha Cigireachta Luathbhlianta 2018-2019, Anailís agus Treochtaí.**
- **An Próiseas Forfheidhmiúcháin Rialála Luathbhlianta - Torthaí**

Sa chéad tuarascáil cuirtear i láthair torthaí a d'eascair as an gcomhairliúchán a reáchtáladh chun dearchthaí tuismitheoirí a fháil maidir le cigireacht Tusla ar Sheirbhísí Luathbhlianta agus conas is féidir na tuairimí seo a léiriú sa phróiseas cigireachta. Leis seo, beidh deis ag tuismitheoirí, den chéad uair, an taithí dearfach atá acu ar sheirbhís a bpáiste a roinnt, agus cur leis an bpróiseas cigireachta ar bhealach bríoch. Cinnteoidh sé freisin go ndéanfar athbhreithniú gan mhoill nuair a chuirtear inmú in iúl, agus go gcuirtear san áireamh iad nuair a bheidh gníomhaíocht chigireachta á phleanáil.

Bunaithe air seo, táimid ag gníomhú chun cur le feasacht agus le rannpháirteachas tuismitheoirí i ngníomhaíochtaí cigireachta.

Tá próiseas aiseolais do thuismitheoirí forbartha chun go mbeidh ar chumas tuismitheoirí aiseolas a roinnt maidir leis an tseirbhís ina bhfuil a bpáiste ag freastal trí ríomhphost a chur chuig aiseolas.tuismitheoirí@tusla.ie. Roinnfear an t-aiseolas le soláthróirí agus déileálfar le haon imní suntasach ar an ngnáthbhealach. Táimid tar éis an Oifig um Fhaisnéis Gan Iarraidh a athainmniú. Anois tugtar an *Oifig um Aiseolas agus Inmí* uirthi, atá níos sothuigthe.

- Nuair a eagraítear cigireacht, crochfar póstaer sa tseirbhís ag tabhairt cuireadh do thuismitheoirí leibhéal sástachta maidir leis an tseirbhís a chur in iúl. Ar aon dul leis an gcomhairle sláinte phoiblí, ní féidir é seo a dhéanamh faoi láthair de bharr Covid,

Stiúrthóir Náisiúnta Seirbhísí,
Rialáil Seirbhísí Leanaí,
Urlár 2,
Teach an Inbhir,
Sráid Anraí,
Luimneach.

ach beidh sé á dhéanamh againn níos déanaí nuair a bheidh sé sábhábilte é a dhéanamh.

- Forbraíodh Bileoga Eolais do thuismitheoirí agus foilsíodh ar shuíomh gréasáin Tusla iad ar leathanach greásáin nua ata dírithe ar thuismitheoirí.
- Anois, ar shuíomh gréasúain Tusla, foilsítear an dáta deireannach ar ar rinneadh cigireacht ar gach seirbhís, mar aon le tuarascálacha cigireachta a foilsíodh le déanaí ionas go mbeidh tuismitheoirí ar an eolas laistigh de mhí amháin go ndearnadh cigireacht.

Beimid ag lorg cúnaimh uait sna seachtainí/míonna atá romhainn chun go gcuirfidh tú na tuismitheoirí a úsáideann do sheirbhís ar an eolas maidir leis na hathruithe seo, agus scríobhfaimid chugat arís ag an am sin.

Sna tuarascálacha eile a foilsíodh inniu - **Cigireacht Luathbhlianta Tusla – Comhairliúchán le Tuismitheoirí, Tuarascálacha Cigireachta Luathbhlianta 2018-2019, Anailís agus Treochtaí** agus **An Próiseas Forfheidhmiúcháin Rialála Luathbhlianta - Torthaí,** déantar scrúdú ar an tionchar a bhí ag an bpróiseas cigireachta ó 2018-2019. Aithníodh na rialacháin is mó a gcloíann na soláthróirí leo agus na cinn is lú a gcloíann siad leo, agus sciar na seirbhísí a chomhlíonann na rialacháin den chéad uair le linn an phróisis rialála. Rinneamar athbhreithniú freisin ar ár bpróisis fhorfheidhmiúcháin rialála, a léiríonn go bhfuil dea-thionchar ag an gcigireacht ar leibhéil chomhlíonta.

Bhuaileamar le grúpaí de pháirtithe leasmhara inniu agus tá sé i gceist againn seimineáir ghréasáin réigiúnacha a chur ar fáil sna míonna atá romhainn chun torthaí na dtuarascálacha a roinnt agus chun dul i ngleic le haon ábhar imní a d'fhéadfadh a bheith agaibh. Tuigimid go mbeidh roinnt ama i gceist sula ngintear leibhéal suntasach freagartha i measc tuismitheoirí ón bpróiseas aiseolais. Iarraimid ort a chur in iúl do thuismitheoirí gur féidir leo aiseolas a chur isteach chugainn ag am ar bith.

De bharr na paindéime, rinneamar athbhreithniú anuraidh ar ár modheolaíocht chigireachta chun cur isteach a laghad agus ab fhéidir ar na seirbhísí ach ag an am céanna, leanúint lenár ndualgais reachtúla a chomhlíonadh. Rinneamar 1812 cigireacht sa bhliain 2020 agus toradh dearfach a bhí ar fhormhór mór díobh siúd.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun aitheantas a thabhairt do na seirbhísí atá ag feidhmiú i láthair na huaire chun tacú le hoibrithe bunriachtanacha agus le leanaí leochaileacha. Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil libh go léir as bhur gcomhboibriú agus bhur rannpháirteachas an bhliain seo caite, agus táim ag súil leis an am inar féidir linn filleadh ar an ngnáthshaol agus bualadh le chéile go sábháilte.

Fanaigí Sábháilte

Fiona McDonnell

Stiúrthóir Náisiúnta Seirbhísí,
Rialáil Seirbhísí Leanaí,
Urlár 2,
Teach an Inbhir,
Sráid Anraí,
Luimneach.

Fiona McDonnell,
Stiúrthóir Náisiúnta Seirbhísí
Children's Services Regulation

Quality Assurance Directorate

An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency